# An Córas Oideachais:
# Stór Focal

*TEG B2: Aonad 9*

## A: FOCLÓIR

An dtuigeann tú na téarmaí oideachais seo a leanas? Labhair leis an duine atá in aice leat agus déanaigí iarracht míniú a thabhairt orthu.

| | |
|---|---|
| Foghlaim fad saoil | |
| Daltaí | |
| Mic léinn | |
| Mac léinn aibí | |
| Córas na bPointí san Ardteistiméireacht | |
| Ríomhfhoghlaim | |
| Cianfhoghlaim | |
| Sprioctheanga | |
| Scoileanna T1 agus Scoileanna T2 | |
| An Teastas/ tSraith Shóisearach | |
| An Ardteist(iméireacht) | |
| Naíonra | |
| Saineolas | |
| Tumoideachas | |
| Gníomhaíochtaí seach-churaclaim | |
| Modheolaíocht múinteoireachta | |
| Ollscoil | |
| Céim | |
| Máistreacht | |
| Scrúdú | |
| Measúnú leanúnach | |
| Torthaí | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# B: AN TUISEAL GINIDEACH

**An féidir leat na hainmfhocail seo a leanas a chur sa tuiseal ginideach?**

| **E.g.** | Chun + an scoil | Chun **na scoile** |
|---|---|---|
| **a)** | Caighdeán + an oideachas | |
| **b)** | Easpa + smacht | |
| **c)** | Mo chuid + meánscolaíocht | |
| **d)** | A lán + eolas | |
| **e)** | Cuid mhór + am | |
| **f)** | Ag scríobh + an aiste | |
| **g)** | Ag foghlaim + an ghramadach | |
| **h)** | i lár + an rang | |
| **i)** | Ag tús + an lá | |
| **j)** | Trasna + an seomra | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# C: AN AIMSIR CHAITE

Seo thíos liosta briathra san aimsir chaite a úsáidtear go minic i gcomhthéacs an oideachais. Líon isteach na bearnaí sna habairtí thíos ón liosta.

1. ___________ mé do chúrsa teanga mar go raibh mé ag iarraidh Spáinnis a fhoghlaim.
2. Bhí bronnadh na gcéimeanna ar siúl inné agus ________ trí chéad mac léinn céim amach.
3. _________ sé dul chun cinn mór ón bhliain seo caite - _________ air sna scrúduithe anuraidh ach ____________ leis i mbliana.
4. Ní _________ sí dóthain dul siar agus bhí díomá uirthi nuair a ________ sí torthaí na scrúdaithe.
5. ____________ sé an Ghaeilge agus an Ceol mar ábhair.
6. Bhí an cúrsa ró-dhúshlánach dóibh agus __________ siad as.
7. ________ muid isteach tascanna agus ________ muid aiseolas orthu sa seimineár teanga.
8. Chaith sí samhradh i bPáras agus ___________ feabhas mór ar a cuid Fraincise.
9. Ar ___________ tú an t-eolas ar líne nó i dtéacsleabhar don obair bhaile?
10. ____________ na múinteoirí na daltaí a ndícheall a dhéanamh.
11. Tá spéis an-mhór sa Ghaeilge i mbliana - ___________ beagnach 250 mac léinn sa chéad bhliain.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Spreag | chuardaigh | Chláraigh | bhain | chláraigh |
| fuair | Leag | theip | d'éirigh | tháinig |
| d'éirigh | Rinne | dhearna | fuair | Roghnaigh |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# D: MACHNAMH

**Seicliosta agus Ceisteanna atá agam go fóill**

| San aonad seo, d'fhoghlaim mé: | | 😊 | 😐 | ☹️ |
|---|---|---|---|---|
| 1. | | | | |
| 2. | | | | |
| 3. | | | | |
| 4. | | | | |
| 5. | | | | |
| 6. | | | | |
| 7. | | | | |
| 8. | | | | |

| Ceist(eanna) atá agam go fóill: |
|---|
| |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# FREAGRAÍ

## A: FOCLÓIR

| | |
|---|---|
| Foghlaim fad saoil | Lifelong learning |
| Daltaí | Students (Primary or secondary school) |
| Mic léinn | Students (University) |
| Mac léinn aibí | Mature student |
| Córas na bPointí san Ardteistiméireacht | The Points System in the Leaving Certificate |
| Ríomhfhoghlaim | E-learning/Online learning |
| Cianfhoghlaim | Distance learning |
| Sprioctheanga | Target language |
| Scoileanna T1 agus Scoileanna T2 | T1 Schools = Irish-speaking, T2 Schools = English-speaking |
| An Teastas/ tSraith Shóisearach | The Junior Cycle (Profile of Achievement) |
| An Ardteist(iméireacht) | The Leaving Cert(ificate) |
| Naíonra | Preschool |
| Saineolas | Expertise |
| Tumoideachas | Immersive education |
| Gníomhaíochtaí seach-churaclaim | Extra-curricular activities |
| Modheolaíocht múinteoireachta | Teaching methods |
| Ollscoil | University |
| Céim | Degree |
| Máistreacht | Masters |
| Scrúdú | Exam |
| Measúnú leanúnach | Continuous assessment |
| Torthaí | Results |

## B: AN TUISEAL GINIDEACH

| **E.g.** | Chun + an scoil | Chun **na scoile** |
|---|---|---|
| **a)** | Caighdeán + an oideachas | Caighdeán **an oideachais** |
| **b)** | Easpa + smacht | Easpa **smachta** |
| **c)** | Mo chuid + meánscolaíocht | Mo chuid **meánscolaíochta** |
| **d)** | A lán + eolas | A lán **eolais** |
| **e)** | Cuid mhór + am | Cuid mhór **ama** |
| **f)** | Ag scríobh + an aiste | Ag scríobh **na haiste** |
| **g)** | Ag foghlaim + an ghramadach | Ag foghlaim **na gramadaí** |
| **h)** | i lár + an rang | i lár **an ranga** |
| **i)** | Ag tús + an lá | Ag tús **an lae** |
| **j)** | Trasna + an seomra | Trasna **an tseomra** |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

## C: AN AIMSIR CHAITE

1. **Chláraigh** mé do chúrsa teanga mar go raibh mé ag iarraidh Spáinnis a fhoghlaim.
2. Bhí bronnadh na gcéimeanna ar siúl inné agus **bhain** trí chéad mac léinn céim amach.
3. **Rinne** sé dul chun cinn mór ón bhliain seo caite - **theip** air sna scrúduithe anuraidh ach **d'éirigh** leis i mbliana.
4. Ní **dhearna** sí dóthain dul siar agus bhí díomá uirthi nuair a **fuair** sí torthaí na scrúdaithe.
5. **Roghnaigh** sé an Ghaeilge agus an Ceol mar ábhair.
6. Bhí an cúrsa ró-dhúshlánach dóibh agus **d'éirigh** siad as.
7. **Leag** muid isteach tascanna agus **fuair** muid aiseolas orthu sa seimineár teanga.
8. Chaith sí samhradh i bPáras agus **tháinig** feabhas mór ar a cuid Fraincise.
9. Ar **chuardaigh** tú an t-eolas ar líne nó ón téacsleabhar don obair bhaile?
10. **Spreag** na múinteoirí na daltaí a ndícheall a dhéanamh.
11. Tá spéis an-mhór sa Ghaeilge i mbliana – **chláraigh** beagnach 250 mac léinn sa chéad bhliain.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad